Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13725/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0100 (COD)**

**ECOFIN 1320**
**CLIMA 435**
**FIN 1179**
**ENV 1006**
**ENER 523**
**COMPET 1009**
**CADREFIN 254**
**CODEC 1529**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 628 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir leis an meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/1229 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 628 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 628 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2025
COM(2025) 628 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir in 2025, dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/1229**

{SWD(2025) 287 final}

GA GA

## 1. RÉAMHRÁ

Is í an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí (SIEP nó 'an tSaoráid') an tríú colún den Sásra um Aistriú Cóir[1]. Bunaíodh an tSaoráid i mí Iúil 2021 le Rialachán (AE) 2021/1229[2] ('Rialachán SIEP') chun cuidiú le sprioc aeráide 2030 an Aontais agus le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar bhealach éifeachtach agus cothrom ó thaobh na sochaí de.

Tá sé de chuspóir ginearálta ag an tSaoráid aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a eascraíonn as an aistriú i dtreo na nithe seo a leanas: (i) spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 an Aontais agus (ii) an cuspóir maidir le haeráidneodracht san Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí, a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119[3]. Tá an tSaoráid dírithe ar leas chríocha an Aontais a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir a d'fhormheas an Coimisiún.

Is é cuspóir sonrach na Saoráide infheistíochtaí ón earnáil phoiblí a mhéadú lena dtugtar aghaidh ar riachtanais forbartha na gcríoch a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir trí mhaoiniú tionscadal nach ngineann sreabha leordhóthanacha ioncaim chun a gcostais infheistíochta a chumhdach a éascú.

Mar ionstraim chumaiscthe, is comhpháirt iasachta agus deontais atá sa tacaíocht faoin tSaoráid. Leis an ranníocaíocht EUR 1.3 billiún de dheontais ón Aontas, idir EUR 6 bhilliún agus EUR 8 mbilliún in iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta ('BEI') agus ranníocaíocht mheasta EUR 6 bhilliún ó fhoinsí eile, tá sé d'aidhm ag an tSaoráid idir EUR 13.3 billiún agus EUR 15.3 billiún d'infheistíochtaí poiblí a shlógadh thar an tréimhse 2021-2027.

De bhun Airteagal 17 den Rialachán SIEP, rinneadh meastóireacht eatramhach ar an tSaoráid agus cuirtear tuarascáil ar an meastóireacht eatramhach sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Bhí roinnt céimeanna i gceist leis an meastóireacht eatramhach ar SIEP. Bhí an glao ar fhianaise ar oscailt ón 2 Feabhra 2024 go dtí an 1 Márta 2024. Le staidéar tacaíochta, a rinne T33 Srl agus Prognos AG ó mhí Aibreáin 2024 go mí Eanáir 2025, comhlánaíodh an mheastóireacht le hathbhreithniú litríochta, comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agallaimh, suirbhéanna agus cás-staidéir. Thairis sin, bhí an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála rannpháirteach trí chruinniú réamhtheachtach an 16 Nollaig 2024 agus trí chruinniú ina dhiaidh sin an 14 Bealtaine 2025. Thug sé tuairim dhearfach maidir leis an meastóireacht an 16 Bealtaine 2025 maille le moltaí. Tugadh an mheastóireacht i gcrích le tuarascáil chuimsitheach laistigh den Doiciméad Inmheánach Oibre in 2025.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo príomhthorthaí agus conclúidí na meastóireachta eatramhaí ar an tSaoráid. Tá Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil leis ina ndéantar measúnú ar a mhéid

[1] Tá na trí cholún seo a leanas sa Sásra um Aistriú Cóir: 1) an Ciste um Aistriú Cóir, 2) scéim thiomnaithe faoin gClár InvestEU agus 3) an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí. Is é an ceann deiridh ábhar don tuarascáil seo.

[2] Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir (Rialachán - 2021/1229 - GA - EUR-Lex).

[3] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021R1119).

atá an tSaoráid éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach, ar a mhéid a chuireann sí breisluach AE ar fáil agus ar a mhéid atá sí ábhartha.

## 2. RAON FEIDHME NA MEASTÓIREACHTA EATRAMHAÍ AR AN tSAORÁID

De bhun Airteagal 17(2) de Rialachán SIEP, is é is cuspóir don mheastóireacht eatramhach meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme SIEP agus ar a acmhainneacht na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán SIEP a bhaint amach. Go háirithe, ba cheart di measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

a) an méid a rannchuidigh an tacaíocht ón Aontas a soláthraíodh faoin tSaoráid le riachtanais na gcríoch a chuireann na pleananna críochacha um aistriú cóir chun feidhme;
b) an gcaoi ar cuireadh na prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagal 4 san áireamh;
c) a riachtanaí atá sé measúnú tionchair inscne a dhéanamh;
d) chur i bhfeidhm na coinníollacha incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 9 agus ar an gcaoi ar cuireadh na hoibleagáidí infheictheachta i bhfeidhm;
e) ar bhonn na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid, a mhéid a rannchuidigh an tSaoráid leis na cuspóirí comhshaoil a leagtar síos in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852[4].

I dteannta na gceanglas meastóireachta sonrach a leagtar amach thuas agus i Rialachán SIEP, agus i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, cumhdaítear leis an meastóireacht eatramhach na cúig chritéar meastóireachta maidir le Rialáil Níos Fearr: (i) éifeachtacht; (ii) éifeachtúlacht; (iii) comhleanúnachas; (iv) breisluach AE; (v) ábharthacht.

Cumhdaítear le raon feidhme na meastóireachta an tSaoráid ón dáta a tháinig Rialachán SIEP i bhfeidhm an 14 Iúil 2021 go dtí an 31 Eanáir 2025 agus díríonn sé ar Bhallstáit uile an Aontais, go háirithe na críocha a shainaithnítear sna pleananna críochacha um aistriú cóir.

Déantar an mheastóireacht eatramhach sin ag céim luath den chur chun feidhme agus, dá réir sin, dírítear ar ghníomhaíochtaí agus ar aschuir ós rud é nach féidir measúnú a dhéanamh go fóill ar thorthaí agus ar thionchar. Áireofar an measúnú ar thorthaí agus ar thionchar fadtéarmach sa mheastóireacht deiridh, rud a cheanglaítear tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2031 i gcomhréir le Rialachán SIEP (Airteagal 17(3)).

## 3. FORBHREATHNÚ AR AN MODHEOLAÍOCHT MHEASTÓIREACHTA

Cuireann na torthaí a chuirtear i láthair i raon feidhme na meastóireachta le dhá phríomh-chomhpháirt. Ar an gcéad dul síos, tá sé bunaithe ar shaineolas agus ar dhoiciméadacht inmheánach. Ar an dara dul síos, cuireann an measúnú le torthaí staidéar tacaíochta a chonraigh an Coimisiún agus a d'ullmhaigh cuibhreannas ina bhfuil T33 srl agus Prognos AG. Sa staidéar tacaíochta a rinneadh idir deireadh mhí Aibreáin 2024 agus mí Eanáir 2025, comhcheanglaítear modhanna éagsúla (athbhreithniú doiciméad/taighde deisce, suirbhé, agallaimh agus cás-staidéir) chun freagraí a thabhairt ar na ceisteanna meastóireachta.

Rinneadh loighic idirghabhála a fhorbairt, chomh maith le maitrís mheastóireachta, mar chuid den mheastóireacht sin. Leis an maitrís rinneadh nasc idir na critéir mheastóireachta agus an

[4] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa).

loighic idirghabhála agus baineadh úsáid as na príomheilimintí chun ceisteanna taighde a tharraingt suas.

## 4. PRÍOMHTHORTHAÍ AGUS CONCLÚIDÍ NA MEASTÓIREACHTA EATRAMHAÍ

Déantar achoimre sa roinn seo ar thorthaí agus ar chonclúidí na meastóireachta maidir leis an meastóireacht eatramhach ar SIEP i gcomhréir leis na cúig chritéar a leagtar amach i dtreoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr: éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, breisluach AE agus ábharthacht.

### 4.1. Éifeachtacht

Ó seoladh an glao ilbhliantúil ar thograí i mí Iúil 2022 go dtí an 31 Eanáir 2025, fuarthas 46 thogra tionscadail, measadh go raibh 30 díobh sin (65 %) incháilithe agus inghlactha, agus roghnaigh coiste meastóireachta SIEP 17 díobh lena gcistiú. Leis na tionscadail roghnaithe a cuireadh isteach, táthar ag súil go slógfar thart ar EUR 228 milliún i ndeontais, arb ionann é agus 17 % de bhuiséad chomhpháirt an deontais, agus EUR 1.4 billiún in infheistíochtaí iomlána lena n-áirítear na deontais, na hiasachtaí agus foinsí breise maoinithe.

Tá iarratais incháilithe curtha isteach ag iarratasóirí ón nGréig, ón tSualainn, ón bhFrainc, ón tSeicia, ón Ísiltír, ón bPolainn, ón Spáinn, ón Laitvia agus ó Éirinn, ach ní ó na Ballstáit eile. Tá roinnt tosca ag déanamh difear do ghlacadh na Saoráide lena n-áirítear, i measc nithe eile, an forluí le foinsí maoiniúcháin eile lena dtairgtear rátaí cómhaoinithe deontais níos airde le haghaidh an chineáil chéanna infheistíochtaí, acmhainneacht riaracháin na n-údarás poiblí, infhaighteacht píblínte tionscadal aibí, srianta airgeadais iarratasóirí ionchasacha agus neamh-incháilitheacht tionscadal a thairbhíonn de chistí eile de chuid an Aontais ós rud é go bhfuil coinníoll ann faoi SIEP nach féidir le tionscadail SIEP tacaíocht a fháil ó chláir eile de chuid an Aontais.

Tá dúshláin eile os comhair tairbhithe ionchasacha SIEP a bhaineann (i) leis an íostairseach d'iasachtú díreach BEI agus (ii) leis na ceanglais ar thairbhithe creatiasachtaí BEI a fháil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina mbacainn iontrála nach beag do bhardais a bhfuil tionscadail bheaga acu agus a bhfuil acmhainneacht riaracháin theoranta acu a chuireann cosc orthu ról comhordúcháin a ghlacadh. Tá bearta éagsúla déanta ag an gCoimisiún agus ag BEI chun an cás a mhaolú.

Tá sé dúshlánach measúnú a dhéanamh ar ghlacadh na Saoráide amach anseo. Cé nach dócha go dtarlóidh ionsú iomlán an bhuiséid deontais sa chéad ghlao ar thograí, is deis é an dara glao ar thograí (2026-2027). Is amhlaidh atá go háirithe ós rud é gur mhéadaigh feasacht faoi SIEP agus nach mbeidh feidhm ag scaireanna náisiúnta a thuilleadh tar éis 2025. Mar sin féin, beidh a mhéid a dhéantar cistí eile de chuid an Aontais agus cistí náisiúnta eile a chlársceidealú nó a thomhailt ina thoisc chinntitheach i ndáil leis sin.

Le cuimsiú SIEP i gcreat phleananna críochacha um aistriú cóir, cruthaíodh tagairt shoiléir, lena mbunaítear straitéis ríthábhachtach um aistriú cóir ar cheart d'iarratasóirí SIEP ailíniú léi agus tagairt a dhéanamh di ina n-iarratais ar SIEP. Ina theannta sin, chruthaigh pleananna críochacha um aistriú cóir an chéad chéim chun feasacht a mhúscailt maidir le SIEP.

I gcás tionscadail shínithe, chumhdaigh an deontas idir 5 % agus 18 % de na costais infheistíochta iomlána, agus b'ionann an iasacht agus idir 31 % agus 73 %. Tugann sé sin le fios gurb é struchtúr iasacht BEI an phríomhthoisc a spreagann luach SIEP do thairbhithe. Déanfaidh iarratasóirí ionchasacha measúnú ar an ráta úis, fad na hiasachta, méid an mhaoinithe, agus éifeachtacht fhoriomlán phróiseas caibidlíochta iasachtaí BEI chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais, i gcomparáid leis na téarmaí a thairgeann bainc thráchtála. Cé go bhfuil SIEP in áit mhaith go ginearálta chun coinníollacha maoinithe níos fabhraí a sholáthar trí iasachtaí BEI a

chomhcheangal le deontais ón Aontas, is minic a bhíonn buntáistí ag bainc thráchtála i dtaca le próiseáil iasachtaí níos tapúla, nósanna imeachta níos simplí, agus caidrimh sheanbhunaithe lena gcliaint.

Is trí Mhol Comhairleach InvestEU a sholáthraítear an tacaíocht chomhairleach a chuireann BEI ar fáil do SIEP. Faoin 31 Eanáir 2025, tá sé shannadh ar siúl faoi láthair, agus tá ceann amháin curtha i gcrích. Cumhdaítear leo raon leathan earnálacha, lena n-áirítear fuinneamh, soghluaisteacht, infheistíochtaí comhshaoil agus sóisialta. Cé go bhfuil tacaíocht chomhairleach SIEP saor in aisce, bhí an t-éileamh tosaigh íseal. Tugtar le fios sna réamhthorthaí gur chuidigh an tacaíocht chomhairleach a soláthraíodh trí Mhol Comhairleach InvestEU le glacadh agus cáilíocht na n-iarratas a mhéadú.

Is ionstraim nua í SIEP, dá bhrí sin bhí gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise ríthábhachtach chun a glacadh a chur chun cinn. Mhúscail an Coimisiún, i ndlúthchomhar le CINEA agus BEI, feasacht maidir le SIEP trí go leor gníomhaíochtaí comhpháirteacha lena ndírítear ar roinnt cineálacha tairbhithe féideartha. Tugtar le fios sna torthaí tosaigh go raibh na hiarrachtaí cumarsáide éifeachtach.

Ní hionann an tacaíocht a thugann gach údarás náisiúnta do chur chun feidhme SIEP agus déantar é ar bhonn deonach. Is cosúil go mbíonn baint ag údaráis náisiúnta le SIEP nuair atá acmhainneacht riaracháin leordhóthanach acu agus/nó nuair a mheasann siad go bhfuil SIEP ábhartha. I gcás ina dtacaíonn údaráis náisiúnta le glacadh SIEP, is cosúil go mbíonn iarratais tionscadail aibí agus rathúil.

Tá na prionsabail chothrománacha dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán SIEP comhtháite i gcur chun feidhme agus i mbainistiú SIEP ar roinnt bealaí. Déantar measúnú ar thiomantas iarratasóirí SIEP do na prionsabail chothrománacha sin le linn na meastóireachta ar na tograí agus le linn an chur chun feidhme trí thuairisciú tréimhsiúil agus trí mhisin ar an láthair. Déanann BEI measúnú agus faireachán freisin ar gach tionscadal agus ar gach oibríocht idirghafa bunaithe ar chritéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais. Ní mhaoinítear ach na gníomhaíochtaí sin a chomhlíonann ceanglais díchill chuí inbhuanaitheachta BEI.

Maidir le comhionannas inscne, déantar cur chuige príomhshruthaithe inscne a ionchorprú go sainráite i roinnt comhaontuithe deontais sínithe, ach ní thugann cinn eile aghaidh go díreach ar chomhionannas inscne. I dtéarmaí líon measta na bpost arna gcruthú ag SIEP le haghaidh na gcomhaontuithe deontais sínithe, dearbhaíonn iarratasóirí go bhfuil 50 % (2870 as 5745) beartaithe do mhná. Maidir leis na daoine aonair ar cheart go sroichfí le tionscadail shínithe SIEP, measann tairbhithe gur mná iad 52 % acu.

Maidir leis an rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil, tugtar le tuiscint leis an raon leathan earnálacha incháilithe go mbaineann roinnt tionscadal go díreach le gníomhú ar son na haeráide, agus go mbeidh tionscadail eile aeráidneodrach nó ar a laghad nach ndéanfaidh siad dochar suntasach. D’fhéadfadh roinnt tionscadal um aistriú cóir nach n-eascraíonn laghdú díreach ar astaíochtaí $CO_2$ astu fós scór ard a bhaint amach maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. Dearbhaíonn ceithre thionscadal as na seacht dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó SIEP go rannchuideoidh siad le laghdú astaíochtaí $CO_2$ (laghdú measta 135 805 tona in aghaidh na bliana ar $CO_2$). Beidh tionchar éigin ag na tionscadail eile ar an gcomhshaol amhail an geilleagar ciorclach agus an bhithéagsúlacht a chur chun cinn.

Laige fhoriomlán i gcreat faireacháin SIEP is ea nach bhfuil spriocanna ag an gcuspóir ginearálta, ag an gcuspóir sonrach ná ag na Príomhtháscairí Feidhmíochta faoi láthair. Mar sin féin, cuireadh spriocanna le haghaidh roinnt príomhtháscairí feidhmíochta rialála SIEP ar aghaidh mar chuid den chleachtadh meastóireachta.

### 4.2. Éifeachtúlacht

Cuireadh moill ar sheoladh an chéad ghlao ar thograí mar gheall ar an moill ar ghlacadh phleananna críochacha um aistriú cóir, rud a bhí ina choinníoll riachtanach chun tacaíocht SIEP a dhámhachtain. Bhí tionchar díreach aige sin ar uainiú agus éifeachtúlacht chur chun feidhme SIEP.

Le cineál ilbhliantúil an ghlao i gcomparáid le glao bliantúil, bhíothas in ann an t-ualach riaracháin a eascraíonn as a bhainistiú a laghdú agus creat intuartha a áirithiú do na páirtithe leasmhara uile. Le huainiú na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach, atá 4 mhí óna chéile ar an meán, is féidir le hiarratasóirí iarratais a chur isteach go tráthrialta.

Ar an taobh eile, meastar nach bhfuil na nósanna imeachta iarratais agus tuairiscithe ar leithligh le haghaidh an deontais agus na hiasachta chomh héifeachtúil céanna, i gcomparáid le hiarratas aonair ar an iasacht agus ar an deontas araon.

Léiríonn anailís ar chur chun feidhme SIEP gur ghlac an mheastóireacht ar an deontas thart ar dhá mhí ar an meán, agus gur glacadh an cinneadh maidir le deontas a dhámhachtain idir 6 mhí agus 13 mhí. Is í aibíocht pharaiméadair na hiasachta is mó a dhéanann difear d'fhad an phróisis iomláin tráth a chuirtear isteach an t-iarratas ar dheontas.

Ní leor an fhaisnéis a bhailítear le haghaidh na meastóireachta seo chun na tairbhí simplithe a bhfuil coinne leo i dtaca le húsáid Mhaoiniú Nach Bhfuil Nasctha le Costais a dheimhniú. Ní dhearnadh an tionchar ar chostais riaracháin bhearta simpliúcháin SIEP a mheas mar gheall ar líon teoranta na n-iarratas a fuarthas agus na gcomhaontuithe deontais a síníodh ag an gcéim seo. Mar sin féin, is cosúil gur mór ag tairbhithe SIEP Maoiniú Nach Bhfuil Nasctha le Costais agus an céatadán ard den deontas iomlán a íocadh leis an íocaíocht réamh-mhaoinithe go dtí seo.

Thairbhigh cur chun feidhme SIEP de líonra na n-údarás bainistíochta beartais chomhtháthaithe agus na gcomhlachtaí cur chun feidhme atá ann cheana sa Choimisiún agus as líonra oifigí áitiúla uile-BEI a thacaigh freisin le cur chun feidhme éifeachtúil SIEP.

Cé go bhfuil sé róluath luach iolraitheora SIEP (éifeacht ghiarála deontas) a réamh-mheas do chlúdach iomlán SIEP, ag díriú ar na seacht dtionscadal SIEP a dámhadh, is ionann meánchóimheas na n-infheistíochtaí agus deontas SIEP agus 12, ó 5.5 i gcás réigiúin bheagfhorbartha go 21.3 i gcás réigiúin níos forbartha agus i réigiúin trasdula.

### 4.3. Comhleanúnachas

Leagtar amach comhleanúnachas trí cholún Shásra um Aistriú Cóir sna pleananna críochacha um aistriú cóir, cé nach dtugtar ach sonraí teoranta iontu maidir le SIEP. Cé go luann go leor Ballstát earnálacha atá incháilithe do SIEP, is minic nach mbíonn sonraíocht ná sineirgí soiléire idir colúin acu. I ndeireadh na dála, braitheann comhleanúnachas ar thograí a chuirtear isteach seachas ar straitéis réamhshainithe, le creatphlean críochach solúbtha um aistriú cóir lenar féidir measúnú a dhéanamh ar chomhleanúnachas ar bhonn cás ar chás.

Braitheann comhleanúnachas idir SIEP agus STA lena soláthraítear cistiú le haghaidh cineálacha comhchosúla infheistíochtaí ar a mhéid a d'fhéadfadh forluí agus comhlántacht a bheith ann idir na Pleananna Athléimneachta agus Téarnaimh agus pleananna críochacha um aistriú cóir. Measann iarratasóirí féideartha go bhfuil STA níos tarraingtí.

Tá incháilitheacht earnála forluiteach ag cistí an Aontais faoin mbeartas comhtháthaithe freisin (CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe) le SIEP, agus tá coinníollacha cistiúcháin níos fabhraí acu le rátaí cómhaoinithe deontais níos airde. Ina theannta sin, d'éiligh siad iarrachtaí suntasacha clársceidealaithe ó údaráis na mBallstát agus iad ag iarraidh spriocdhátaí dochta caiteachais agus ceanglais a chomhlíonadh chun rochtain a fháil ar chistí comhtháthaithe. Ar an iomlán, bhí tionchar aige sin freisin ar a gcomhleanúnachas le SIEP, rud a chruthaigh ní hamháin sineirgí ach forluí idir ionstraimí freisin. Nuair a dhéantar anailís ar tharraingteacht foinsí éagsúla cistiúcháin an Aontais ar bhonn a rátaí cómhaoinithe deontais, brúitear an SIEP amach.

Cruthaíonn forluí na ndeiseanna cistiúcháin éagsúla castacht bhreise do thairbhithe féideartha agus d'eintitis chomhordúcháin toisc nach mór dóibh an ionstraim chistiúcháin is iomchuí a aithint le haghaidh gach infheistíochta agus feidhmiú chistí éagsúla an Aontais a thuiscint.

Is féidir le SIEP forluí le cláir náisiúnta freisin, mar shampla an ciste forluiteach a bhfuil cuspóirí comhchosúla aige sa Ghearmáin a d'fhéadfadh míniú a thabhairt go pointe áirithe ar chur chun feidhme teoranta SIEP sa Bhallstát sin.

Ar bhonn níos ginearálta, tá neamhréir idir na scaireanna náisiúnta leithdháilte agus an t-éileamh ar SIEP. Cé go bhfuil scaireanna náisiúnta iomlána na mBallstát ag a bhfuil na scaireanna náisiúnta is mó fós ar fáil, d'fhéadfadh Ballstáit eile, amhail an Fhrainc a bhfuil a scair náisiúnta ídithe aici, úsáid a bhaint as acmhainní breise ó SIEP.

Sa bhreis ar thacaíocht chomhairleach SIEP atá ar fáil faoi Mhol Comhairleach InvestEU, chuaigh eintitis phoiblí sna réigiúin lena mbaineann i muinín roinnt cineálacha cúnaimh theicniúil arna n-íoc ag an gCoimisiún laistigh de shainchúram clár eile an Aontais amhail TSI agus Réamhobair maidir leis an Ardán um Aistriú Cóir. Ós rud é go bhfuil roinnt tionscnaimh chomhairleacha agus cúnaimh theicniúil fós ar siúl agus gur tugadh cinn eile chun críche le déanaí, ní féidir teacht ar chonclúidí ag an gcéim seo maidir le tionchar agus comhlántacht na dtionscnamh. Tá fianaise ann gur rannchuidigh na gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus cumarsáide a rinneadh faoi chuimsiú thacaíocht chomhairleach SIEP agus na sanntaí cúnaimh theicniúil eile a sholáthair sainchomhairleoirí eile leis an eolas faoi SIEP a mhéadú.

### 4.4. Breisluach AE

Tugtar le fios leis an réamh-aiseolas go bhfuil breisluach á chur ag SIEP trí acmhainní breise a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais aistrithe i réigiúin an aistrithe chóir. Tá deiseanna nua á gcruthú d'eintitis phoiblí áitiúla chun infheistíochtaí um aistriú cóir a chumhdach, rud nach bhféadfaí a dhéanamh trína n-acmhainní dílse amháin ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta.

Tá tionchar dheontas SIEP ar theacht chun cinn tionscadal fós éiginnte mar gheall ar an líon teoranta deontas a dámhadh, ach tá a thionchar ag brath ar roinnt tosca, amhail ráta beacht cómhaoinithe SIEP nó méid an deontais. Dá airde na tosca sin, is ea is airde an tionchar a bheidh ag an deontas.

Thairis sin, fónann an deontas mar chistiú breise chun raonta feidhme tionscadal a leathnú, rud a d'fhéadfadh cuimsiú comhpháirteanna atá luachmhar go sóisialta ach atá neamhbhrabúsach seachas sin a áirithiú. Feabhsaíonn seirbhísí comhairleacha SIEP seachadadh tionscadal trí cháilíocht a fheabhsú agus trí dhlús a chur le hamlínte cur i bhfeidhm.

Cuireann cómhaoiniú SIEP leachtacht láithreach ar fáil freisin do thionscadail tar éis shíniú an deontais. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh iarratas ar thacaíocht SIEP moill ar chur chun feidhme i gcomparáid le foinsí cistiúcháin a úsáid atá ar fáil go héasca.

### 4.5. Ábharthacht

Leis na pleananna críochacha um aistriú cóir a glacadh le déanaí mar aon leis an athbhreithniú meántéarma atá ar siúl faoi láthair ar an mbeartas comhtháthaithe (lena n-áirítear pleananna críochacha um aistriú cóir), tacaítear le hábharthacht leanúnach SIEP chun freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair. Mar thoradh ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, bhí comhdhearcadh leathan ann idir gníomhaithe institiúideacha, ionadaithe náisiúnta agus tairbhithe ionchasacha agus iarbhír go bhfuil cuspóirí SIEP ábhartha.

Tá cur chun feidhme SIEP ailínithe go dlúth le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin nua a leag a Uachtarán amach i mí Iúil 2024, agus na cuspóirí fadtéarmacha a bunaíodh sa Chomhaontú Glas don Eoraip in 2019 á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cuspóirí an Aontais á mbaint amach ag SIEP lena n-áirithítear go mbeidh ceart éifeachtach ag gach saoránach fanacht sna pobail ina bhfuil siad ina gcónaí agus tacú le dícharbónú atá inbhuanaithe go sóisialta sna réigiúin a bhraith go traidisiúnta ar thionscal na mbreoslaí iontaise.

## 5. CONCLÚID AGUS CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Leagtar béim sa mheastóireacht ar an tSaoráid Iasachta don Earnáil Phoiblí (SIEP) ar roinnt dúshlán a tháinig chun cinn ag céim luath sa chur chun feidhme. Léirítear san aiseolas ó pháirtithe leasmhara leibhéil éagsúla rannpháirtíochta ar fud na mBallstát. Cé go dtugann sonraí cáilíochtúla léargais luachmhara, cuireann an easpa sonraí cainníochtúla bac ar mheasúnú cuimsitheach. D'ainneoin na ndúshlán sin, tá gealladh faoi maidir le cur chun feidhme a mbeidh tionchar aige. Leis na ceachtanna seo a leanas, tugtar treoir maidir le cur chun feidhme leanúnach na Saoráide Iasachta don Earnáil Phoiblí agus cuirtear bonn eolais faoi dhearadh na n-ionstraimí airgeadais a bheidh ann amach anseo.

### Neamhréir idir scaireanna náisiúnta agus riachtanais tairbhithe féideartha

Maidir leis an gcéad ghlao ar thograí (go dtí 2025), bunaíodh scaireanna náisiúnta de réir na heochrach leithdháilte buiséid a sainíodh le haghaidh CUAC. Rinne sé sin difear do ghlacadh agus do chomhleanúnachas SIEP le foinsí cistiúcháin eile, rud a chuir i dtábhacht na teorainneacha a bhaineann le gan a mheas go bhféadfadh an t-éileamh ar mhaoiniú inaisíoctha a bheith éagsúil le modh leithdháilte CUAC. Cé go bhfuil scaireanna náisiúnta iomlána na mBallstát a bhfuil na scaireanna náisiúnta is mó acu fós ar fáil, d'fhéadfadh úsáid a bheith bainte ag Ballstáit eile as níos mó acmhainní. Ina theannta sin, sna Ballstáit ina raibh an scair náisiúnta ab ísle, ba lú an dreasacht a bhí ann do na Ballstáit agus d'iarratasóirí acmhainní a infheistiú chun tacú le hiarratais ar SIEP nó chun iad a fhorbairt.

**Tá acmhainneacht theoranta ag SIEP tacú le tionscadail bheaga**

Cé go bhfuil tionscadail bheaga ag tairbhiú de thacaíocht SIEP, lena n-áirítear 5 thionscadal a fhaigheann iasachtaí idirghafa idir EUR 1.5 milliún agus EUR 12 mhilliún, níl iasachtaí idirghafa ar fáil ach in dhá Bhallstát. I mBallstáit eile, is é EUR 12.5 milliún íosmhéid na hiasachta, ar tairseach shubstaintiúil é d'iarratasóirí beaga. Tugann creatiasachtaí an deis tairseach mhéid na hiasachta a bhaint amach trí thionscadail iomadúla a chomhthiomsú le chéile, ach cuireann sé sin le castacht an phróisis iarratais. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an taithí ná na hacmhainní is gá ag eintitis bheaga chun tabhairt faoin leibhéal comhordaithe sin go héifeachtúil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go n-eisiafaí tionscadail bheaga ó SIEF.

D'fhéadfadh rannpháirtíocht níos mó ó Bhainc nó Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh agus úsáid níos airde idirghabhála airgeadais a bheith ina réiteach féideartha ar shaincheisteanna maidir le híosmhéid ard iasachtaí agus maidir le comhordú, ach ní mór do SIEP dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh chun páirt a ghlacadh ann. In aon chás, ba cheart roghnú na gcomhpháirtithe maoiniúcháin le haghaidh ionstraimí airgeadais amach anseo a ailíniú go dlúth le riachtanais agus próifílí na dtairbhithe féideartha agus aird ar leith á tabhairt ar dhul i dteagmháil le comhpháirtithe a bhfuil an acmhainneacht institiúideach agus na creataí oibríochtúla is gá acu chun tacú le tairbhithe beaga.

**Samhail seachadta SIEP**

Cuireann samhail seachadta SIEP roinnt buntáistí ar fáil a chuireann lena mealltacht. Ceann de phríomhláidreachtaí SIEP is ea rochtain dhíreach ar chistiú ar leibhéal an Aontais a éascú do chomhlachtaí poiblí áitiúla. Ina theannta sin, úsáideann SIEP cur chuige airgeadais cumaiscthe, lena gcomhcheanglaítear deontais an Aontais le hiasachtaí BEI agus le foinsí cistiúcháin breise. D'fhéadfadh an modh sin cur leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil do thionscadail, lena dtugtar EUR 12 d'infheistíochtaí ar an meán ar EUR 1 de dheontas SIEP.

Mar sin féin, fágann struchtúr dé-iarratais SIEP, lena n-éilítear iarratais ar leithligh ar dheontais agus ar iasachtaí, go bhfuil an próiseas iarratais casta. Is féidir le próiseas iarratais SIEP, ó chur isteach go síniú comhaontuithe críochnaitheacha, síneadh suas le 18 mí a chur leis an tréimhse fhoriomlán, rud a d'fhéadfadh gan a bheith leordhóthanach le haghaidh amchláir chur chun feidhme tionscadail na dtairbhithe uile.

D'fhéadfadh éifeachtúlacht mhéadaithe a bheith ag baint le córas a chuirfeadh ar a gcumas do BEI agus don Choimisiún sonraí arna gcur isteach ag iarratasóirí a chomhroinnt lena chéile, mar aon le hualach riaracháin laghdaithe le haghaidh iarratasóirí, BEI agus an Choimisiúin. Ba cheart féachaint ar chomhroinnt sonraí níos fearr idir an Coimisiún agus a chomhpháirtithe airgeadais le haghaidh ionstraimí airgeadais amach anseo, ach san am céanna bheadh gá le hinfheistíocht nach beag acmhainní chun na córais agus na próisis is gá a bhunú agus ní mór iad a ailíniú le leathadh amach beartaithe na hionstraime. D'fhéadfaí samhail seachadta mhalartach, ina mbainistíonn eintiteas aonair na foinsí maoinithe cumaiscthe, a fhiosrú le haghaidh ionstraimí airgeadais amach anseo chun an próiseas iarratais a chuíchóiriú agus chun breisluach an Aontais a fheabhsú. Ar deireadh, ba cheart paraiméadair na ndeontas agus na n-iasachtaí araon a chalabrú go cúramach le haghaidh aon ionstraim airgeadais amach anseo. Ba cheart paraiméadair na ndeontas a bheith comhréireach le cineál agus scála na n-infheistíochtaí agus go háirithe dreasacht fhiúntach a sholáthar chun iarratas a dhéanamh ar an ionstraim, agus ba cheart paraiméadair na n-iasachtaí (rátaí úis, coinníollacha aisíocaíochta, próiseas caibidlíochta iasachtaí, etc.) a bheith tarraingteach go leor i gcomparáid le dálaí an mhargaidh chun glacadh a dhreasú.

**Tacaíocht chomhairleach maidir le SIEP**

Agus tús áite á thabhairt ag na Ballstáit d'úsáid cistiúcháin lena dtairgtear cómhaoiniú deontais níos airde thar an maoiniú in-aisíoctha arna sholáthar ag SIEP, bhí an t-éileamh ar sheirbhísí comhairleacha faoi SIEP teoranta ar dtús. Níor áiríodh ach aon sannadh amháin atá curtha i gcrích i raon feidhme na meastóireachta seo. Déanann BEI comhairleoireacht SIEP faoi chuimsiú Mhol Comhairleach InvestEU (faoi Rialachán InvestEU) agus measadh sa mheastóireacht eatramhach ar an Mol freisin go raibh sé róluath measúnú iomlán a dhéanamh ar a thionchar mar gheall ar ghlacadh teoranta.

Má leanann na treochtaí reatha ar aghaidh, meastar nach mbeidh ach tionchar teoranta ag comhairleoireacht SIEP ar acmhainneacht riaracháin mar gheall ar éileamh íseal ar shanntaí sa réimse sin.

**Creat faireacháin SIEP**

Laige i gcreat faireacháin SIEP is ea nach bhfuil spriocanna sa Rialachán ag na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leis an gcuspóir ginearálta agus leis an gcuspóir sonrach. Cuireadh spriocanna le haghaidh phríomhtháscairí feidhmíochta rialála SIEP ar aghaidh mar chuid den chleachtadh sin. Bhí an measúnú ar an simpliú agus ar na costais riaracháin do thairbhithe agus d'iarratasóirí teoranta faoi chuimsiú na meastóireachta seo mar gheall go mbeadh sé bunaithe ar shampla laghdaithe neamhionadaíoch de dheasca luathchéim chur chun feidhme SIEP. Déanfar anailís chríochnúil le linn na meastóireachta deiridh a luaithe a bheidh líon leordhóthanach iarratasóirí agus tairbhithe ar fáil.

Bainfear úsáid iomlán as na táscairí bunaithe ó Mhol Comhairleach InvestEU, amhail infheistíochtaí slógtha a bhfuil coinne leo agus sástacht na rannpháirtithe, chun breisluach sheirbhísí comhairleacha SIEP a thomhas le linn na meastóireachta deiridh.

**Tionchar inscne**

Tá creat tagartha d'iarratasóirí maidir le comhionannas inscne in easnamh faoi láthair i nglao ar thograí SIEP. Chun aghaidh a thabhairt air sin, áireofar sa dara glao ar thograí ó SIEP (atá á ullmhú) bearta breise chun comhionannas inscne a chur chun cinn. Leis an tsraith straitéisí do réigiúin an aistrithe chóir, dar teideal 'An inscne a chur san áireamh i gclaochluithe réigiúnacha'[5] (arna forbairt ag an gCoimisiún), cuirfear treoir ar fáil maidir le tionchar inscne an aistrithe chóir a bhainistiú.

---

[5] An Coimisiún Eorpach (2023), An inscne a chur san áireamh i gclaochluithe réigiúnacha. Sraith straitéisí do réigiúin an aistrithe chóir (https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/funding/just-transition-fund/toolkit-considering%20gender%20in%20regional%20transformations.pdf).